
Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
National Centre for Guidance in Education
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

## PLEAN DON CHEACHT



# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1) - FORBHREATHNÚ

TEIDEAL AN CHEACHTA:
**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA**
(CUID 1)

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, déanfar:

- Scrúdú ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag mic léinn agus iad ag dul isteach san iar-bhunscoil den chéad uair.
- Scrúdú ar na tacaíochtaí atá ar fáil ar scoil.
- Cur síos ar na hacmhainní gur féidir iad a úsáid le linn amanna athraithe agus aistrithe.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht lena gcuirfear le forbairt mhothúchánach agus shóisialta an dalta.
- Daoine a aithint ar féidir leis na daltaí cúnamh a iarradih uathu, nuair atá sé ag teastáil uathu.
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi is féidir leis na daltaí freagairt a thabhairt ar an athrú agus ar an aistriú.

## TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Imní atá orthu i láthair na huaire a roghnú.
- Tacaíochtaí atá ar fáil do na daltaí sa scoil a shainaithint.
- Na baill 'lárnacha' de chuid phobal na scoile atá in ann cabhrú leis na daltaí ar scoil a aithint.
- Cur síos a dhéanamh ar an tslí is féidir leis na tacaí go léir a bheith de chuidiú do na daltaí sa scoil.
- Duine a aithint gur féidir leis an dalta teagmháil a dhéanamh leis chun cabhrú a fháil lena imní a mhaolú.

## NAISC LE SCILEANNA LÁRNACHA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

- An Chumarsáid (scileanna éisteachta agus conas tú féin a chur in iúl, an plé agus an díospóireacht, úsáid teanga).
- An Fhéinbhainistíocht (eolas a bheith agat fút féin, cinntí breithnithe a dhéanamh, teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun tú féin agus do chuid foghlama a bhainistiú).
- Coinneáil Slán (a bheith sláintiúil, a bheith sóisialta, a bheith sábháilte, a bheith freagrach).
- A bheith cruthaitheach (roghanna agus bealaí malartacha eile a scrúdú, smaointe a chur i bhfeidhm agus bearta a dhéanamh).
- Ag obair i gcomhar le daoine eile (Ag foghlaim le daoine eile, ag tabhairt urraim don éagsúlacht, an dea-chaidreamh a fhorbairt, an comhoibriú).
- Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú (Faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh, a bheith fiosrach, an smaointeoireacht chriticiúil, an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun eolas a rochtain, a bhainistiú agus a roinnt).

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1) - FORBHREATHNÚ

## NAISC LE RÁITIS FOGHLAMA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

- Gníomhú chun a fholláine, agus a shláinte féin, agus folláine agus sláinte daoine eile, a chosaint agus a chur chun cinn.
- Tugtar meas ar cad atá i gceist leis an tsaoránacht ghníomhach, le cearta agus freagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne araon.
- Tugtar aitheantas agus meas ar an gcaoi a bhfuil luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla tar éis cur leis na pobail agus leis an gcultúr ina sé nó sí ina cónaí.

## NAISC LEIS AN TREOIR SCOILE UILE

**Mé Féin a Bhainistiú**

Sa cheacht seo déanfaidh na daltaí

- Mothúcháin a shainaithint agus scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn siad ar an iompraíocht.
- Freastal ar a riachtanais folláine féin.
- Páirt a ghlacadh le líonraí chun a gcuid deiseanna pearsanta, oideachais agus gairme féin a fheabhsú.
- Scileanna líonraithe sóisialta / eile a léiriú.
- Na pointí aistrithe atá le baint amach le linn duit a bheith ar scoil a shainaithint.
- Cur síos a dhéanamh ar láidreachtaí agus acmhainní pearsanta is féidir a úsáid le linn tráthanna athraithe agus aistrithe.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna chun an fhorbairt mhothúchánach agus shóisialta a fheabhsú.
- Cúnamh a iarraidh, nuair is gá.
- Scrúdú ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad don athrú agus don aistriú.
- Straitéisí éifeachtacha chun déileáil leis an athrú agus leis an aistriú a ghlacadh.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1) - PLEAN DON CHEACHT

PLEAN DON CHEACHT:
**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA**
(CUID 1)

## ÁBHAIR A THEASTAÍONN DON CHEACHT SEO

### DO NA MÚINTEOIRÍ

- PowerPoint
- Bileoga Oibre (ceangailte)
- Páipéar do dhaltaí ar ar féidir leo a n-imní a scríobh síos

### DO NA DALTAÍ

- Bileoga oibre (ar líne nó i gcóip chrua)

## AIDHMEANNA

Sa cheacht seo, déanfar:

- Scrúdú ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag na daltaí agus iad ag dul isteach san iar-bhunscoil den chéad uair.
- Scrúdú ar na tacaíochtaí atá ar fáil ar scoil.
- Cur síos ar na hacmhainní gur féidir iad a úsáid le linn amanna athraithe agus aistrithe.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht lena gcuirfear le forbairt mhothúchánach agus shóisialta an dhalta.
- Daoine a aithint ar féidir leis na daltaí cúnamh a iarraidh uathu, nuair atá sé ag teastáil uathu.
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi is féidir leis na daltaí freagairt a thabhairt ar an athrú agus ar an aistriú.
- Straitéisí éifeachtacha a chur ar fáil do na daltaí chun déileáil leis an athrú agus leis an aistriú.

## TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- Imní atá orthu i láthair na huaire a roghnú.
- Tacaíochtaí atá ar fáil do na daltaí sa scoil a shainaithint.
- Na baill 'lárnacha' de chuid phobal na scoile atá in ann cabhrú leis na daltaí ar scoil a aithint.
- Cur síos a dhéanamh ar an tslí is féidir leis na tacaí go léir a bheith de chuidiú do na daltaí sa scoil.
- Duine a aithint gur féidir leis an dalta teagmháil a dhéanamh leis chun cabhrú a fháil lena imní a mhaolú.

## 'AN DUÁN' A SHEOLADH

Inis do na daltaí go bhfuil tú chun Scéal Pheadair a insint dóibh, fear óg atá díreach tar éis an iar-bhunscoil scoil a thosú, díreach cosúil leo féin.

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1) - PLEAN DON CHEACHT

## ÁBHAR AN CHEACHTA

| BEARTA DON MHÚINTEOIR | BEARTA DO NA DALTAÍ |
|---|---|
| Tugann an múinteoir breac-chuntas ar aidhmeanna agus cuspóirí an ranga. | |
| Osclaítear an ceacht agus “Scéal Pheadair” á léamh ag an múinteoir.<br>Sa scéal seo tá Peadar tar éis dul isteach san iar-bhunscoil agus tá go leor imní air faoina scoil nua. | Éisteann na daltaí le Scéal Pheadair - buachaill a bhfuil tús curtha leis an iar-bhunscoil aige agus atá buartha faoin aistriú sin. |
| Tar éis dó an scéal a insint, iarrann an múinteoir ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar Scéal Pheadair. Conas a mhothaíonn siad tar éis an scéal a chloisteáil? An gceapann siad go mbraitheann na daltaí eile mar sin agus iad ag tosú i scoil nua? | Tugann na daltaí freagairt do Scéal Pheadair. |
| Faigheann an múinteoir aiseolas ó na daltaí. Ansin, iarrtar ar na daltaí smaointeoireacht a dhéanamh ar roinnt imní a d’fhéadfadh a bheith ag daltaí agus iad ag tosú i scoil. Gabhann an múinteoir buíochas leis na daltaí as na hábhair imní sin a roinnt leis an rang. | Déanann na daltaí babhta tobsmaointe maidir leis na hábhair imní a d’fhéadfadh a bheith ar dhaltaí agus iad ag tosú san iar-bhunscoil. |
| Ansin, iarrtar ar na daltaí oibriú ina n-aonar. Caithfidh siad ábhar imní amháin atá acu féin a aithint agus iad ag tosú ar scoil (ní roinneann siad an ábhar imní seo ó bhéal). Agus na daltaí i mbun an t-ábhar imní seo a aithint, tugann an múinteoir píosa páipéir do na daltaí uile. Scríobhann na daltaí a n-imní síos, agus a ainm leis, ar an bpíosa páipéir sin agus cuireann siad é sa mhála imní (Tógfaidh an múinteoir na hábhair imní seo leis agus tabharfar aghaidh orthu sa chéad rang eile. Tá sé tábhachtach go léann an múinteoir na hábhair imní seo roimh an gcéad rang eile agus go dtéann sé i dteagmháil le daltaí ar leith ina leith, más gá, sa chás go bhfuil imní acu a d’fhéadfadh sí a bheith thar a bheith deacair). | Smaoiníonn na daltaí ar ábhar imní atá orthu. Scríobhann gach aon dalta an imní agus a n-ainm ar an bpíosa páipéir agus ansin cuireann isteach sa ‘Mhála Imní’ é. |

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1) - PLEAN DON CHEACHT


| BEARTA DON MHÚINTEOIR | BEARTA DO NA DALTAÍ |
|---|---|
| Insíonn an múinteoir leis na daltaí go bhfuil go leor daoine sa scoil atá in ann cabhrú leo.<br>Fiafraíonn an múinteoir díobh an bhfuil a fhios acu cé hé aon duine atá in ann cabhrú leo ar scoil agus fiafraíonn díobh cad é an ról atá aigesean. | Aithníonn na daltaí na baill de chuid phobal na scoile ar féidir leo cabhrú leo! |
| Insíonn an múinteoir leis na daltaí go bhfaighidh siad amach sa cheacht seo faoi na daoine go léir atá in ann cabhrú leo ar scoil: a n-ainm, a ról agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh leo. Abair leis na daltaí dul go dtí<br>Bileog Oibre a hAon agus iarr orthu na freagraí a líonadh isteach fad is atá an múinteoir ag dul tríd an PPT. | De réir mar a bhíonn an múinteoir ag plé gach ball ar leith agus an ról atá aige, déanann na daltaí ainm an bhaill a thaifeadadh ar a mbileog oibre (i.e. Is é ainm an Phríomhoide atá againn ná an tUasal Wilson) |
| Le linn na gníomhaíochta seo, tugtar an deis do na daltaí freagairt ó bhéal a thabhairt ar cheisteanna, mar shampla<br>An bhfuil ainm do phríomhoide ar eolas agat? Cá bhfuil a oifig/a hoifig? | Tugann na daltaí freagraí ó bhéal ar cheisteanna, leithéidí An bhfuil ainm do phríomhoide ar eolas agat?<br>Cá bhfuil a oifig/a hoifig? |
| Déanann an múinteoir scrúdú ar bhaill eile de chuid phobal na scoile ar féidir leo tacú leo i.e. múinteoirí seach-churaclaim, an duine atá i gceannas ar am iománaíocht, ar chúrsaí peile, díospóireachta, fichille, drámaíochta srl. (Caithfear é seo a oiriúnú do gach aon scoil ar leith; ná bíodh drogall ort breis a chur leis). | Déanann na daltaí nóta de bhaill bhreise de chuid na foirne atá in ann tacú leo.<br>Tugann na daltaí freagra ó bhéal d'ainm gach aon duine ar leith, agus insíonn cad iad na dualgais atá ag an duine sin sa scoil. |


## AN CEACHT DEIRIDH

Déanann an múinteoir aidhmeanna an cheachta a athscrúdú. Seiceálann an múinteoir go bhfuil gach aon dalta sa scoil in ann duine a aithint a bheadh in ann

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)





Lárionad Náisiúnta *um* Threoir *san* Oideachas
National Centre *for* Guidance *in* Education
www.ncge.ie
www.careersportal.ie

# CÉ IS FÉIDIR LIOM TACAÍOCHT A FHÁIL UAIDH SA SCOIL?



**Is é Ainm Phríomhoide na Scoile ná:**



**Is é Ainm Leas-Phríomhoide na Scoile ná:**



**Is é ainm ár gCeann Bliana:**



**Is é Ainm ár dTeagascóra:**

## CÉ HIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO TACAÍOCHT A THABHAIRT DOM SA SCOIL?



Is é Ainm ár Múinteora Béarla:



Is é ainm ár gComhairleora Treorach:



Is é Ainm ár Séiplínigh:



Ar cheann de na Múinteoirí atá ar an bhFoireann Tréadchúraim tá:



Is é ainm de dhuine amháin de na Cúntóirí Riachtanas Speisialta inár scoil ná:



Is é Ainm an Chomhordaitheora Riachtanais Speisialta Oideachais ná:

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CÉ HIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO TACAÍOCHT A THABHAIRT DOM SA SCOIL?



Is é Ainm Rúnaí na Scoile ná:



Is é Ainm ár Fheighlí ná:



Is é Ainm an Ghlantóra ná:



Is é an t-ainm atá ar an duine atá i gceannais ar na locair ná:




Is é an t-ainm atá ar an duine a thugann aire don leabharlann ná:



Is é Ainm ár gCinnire:

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CÉ HIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO TACAÍOCHT A THABHAIRT DOM SA SCOIL?




Is é an t-ionadaí atá againn ar chomhairle na ndaltaí ná:



Is é an t-ainm atá ag duine amháin de na daoine a oibríonn sa Cheaintín ná:




Is é ainm ár Siopadóra ná:



Is é Ainm an Tiománaí Bus atá agam ná:



Is é ainm comhghleacaí ranga / cara sa rang atá in ann cabhair agus tacaíocht a thabhairt dom ná:



Comhordaitheoir cúrsaí seach-churaclaim:

© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# CÉ HIAD NA DAOINE AR FÉIDIR LEO TACAÍOCHT A THABHAIRT DOM SA SCOIL?




© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# AIDHMEANNA

I gceacht an lae inniu beidh tú ag.....



- Déanamh scrúdú ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith agat agus tú ag dul isteach san iar-bhunscoil den chéad uair.
- Déanamh scrúdú ar na tacaíochtaí atá ar fáil ar scoil.
- Teacht ar thuiscint ar cé atá in ann cabhrú leat ar scoil.
- Teacht ar thuiscint ar na róil agus na freagrachtaí atá ag na baill éagsúla de chuid phobal na scoile.

# TORTHAÍ

Faoi dheireadh an cheachta seo, beidh tú in ann:



- Imní atá ort faoi láthair na huaire a roghnú.
- Tacaíochtaí atá ar fáil duit sa scoil a shainaithint.
- Na baill 'lárnacha' de chuid phobal na scoile atá in ann cabhrú leat ar scoil a aithint.
- Cur síos a dhéanamh ar an tslí is féidir leis na tacaí go léir a bheith de chuidiú duit sa scoil.



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....




- Lig dom sibh a chur in aithne do Pheadar...
- Buachaill an-sásta ab ea Peadar.
- Bhí sé ina chónaí lena Mham, Maria, le leannán a Mham, Kevin, lena dheartháir Seán agus lena dheirfiúr, Grace.
- Bhí Aintín álainn aige darbh ainm Anne agus comharsa an-deas darb ainm an tUasal Smyth.
- Thaitin an bunscoil go mór le Peadar, bhí sé an-sásta ann!
- Ar scoil, thaitin a mhúinteoir leis, agus bhain sé taitneamh as a bheith ag súgradh lena chairde!
- Ba bhreá leis a bheith ag imirt na hiománaíochta, na peile agus leis na cluichí ríomhaire.



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....







© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

- Mheas Peadar go raibh athrú mór tar éis teacht ar an saol nuair a chuaigh sé ar an iar-bhunscoil.
- Murab ionann agus mar bhí an Bhunscoil, bhí an iar-bhunscoil an-mhór go deo!
- Bhí sé neirbhíseach go gcaillfear é go ró-héasca!
- Bhí go leor seomraí ranga agus go leor múinteoirí nua san iar-bhunscoil agus ní raibh aithne aige ar na daltaí go léir ina rang.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

# SCÉAL PHEADAIR....

- Thosaigh Peadar ag mothú píosa beag buartha.
- Bhí imní air faoi conas na seomraí ranga éagsúla a aimsiú, faoi cé leis a mbeadh sé ag suí ina thaobh agus faoin saghas múinteora a bheadh aige.
- Go tobann, thosaigh sé ag déanamh imní níos mó agus níos mó faoin scoil.
- Thosaigh sé ag déanamh imní faoin scoil nua; An mbeadh an obair bhaile ann deacair?

  Cad a tharlódh dá ndéanfadh sé dearmad a chuid obair bhaile a dhéanamh? Conas a bheadh an am sosa?

  Cén áit a n-íosfadh sé a lón? Cén áit a gcuirfeadh sé a chuid leabhar i dtaisce? Conas a d'aimseodh sé a thaisceadán?

  Cad a tharlódh dá gcaillfeadh sé eochair a thaisceadáin? Cad a dhéanfadh sé más rud é go raibh sé tinn?







© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

- Go tobann, is amhail is a bhí néal beag dorcha le feiceáil os cionn chloigeann Pheadair!
- Bhí an imní go léir a bhí ar Pheadar sa scamall seo.
- De réir mar a chuaigh imní Pheadair i méid, d’fhás an néal imní sin freisin! De réir a chéile, d’éirigh sé níos mó agus **níos mó and NÍOS MÓ!!**
- Chuaigh an néal seo sna sála ar Pheadar chuile áit a dtéadh sé; lean sé abhaile é; go dtí an páirc pheile; chuig teach a chol ceathrar agus fiú ar scoil.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....



- Rinne Peadar iarracht labhairt lena aintín Anne faoin néal seo lán d'imní gaolmhar leis an scoil, ach ní raibh le rá aicise faoi ach gan bac leis!!
- Dúirt sí "Ó, a Pheadair, ná bíodh imní ort faoi na rudaí beaga!"
- Bhraith Peadar amhail is nach riabh a aintín in ann a chuid imní a fheiceáil, ná iad a thuiscint ach oiread!
- Mhothaigh Peadar níos measa fiú, mar gheall air sin, toisc gur bhraith sé amhail is nach raibh tuiscint ag éinne ar na mothúcháin a bhí aige!
- Bhí Peadar in ísle brí!





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....



- Cheap Peadar go raibh seans ann go mbeadh an comharsa cairdiúil a bhí aige, an tUasal Smyth, in ann cuidiú leis. D'inis sé don Uasal Smyth faoin néal imní ach rinne seisean beag is fiú de. Dúirt sé "Ná smaoinigh ar na hábhair imní sin a Pheadair, déan dearmad orthu!" Ach ní raibh Peadar in ann dearmad a dhéanamh orthu, is cuma cé chomh deacair is a rinne sé iarracht.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

- Leanadh leis go raibh an néal seo ag dul timpeall sna sála ar Pheadar agus bhí sé ag éirí níos mó gach lá!
- Ach ansin... Maidin amháin, nuair a tháinig Peadar ar scoil d'éirigh an néal chomh mór sin gur **phléasc sé!!**






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020


**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)**

# SCÉAL PHEADAIR....

- Go tobann, thosaigh na húdair imní a bhí aige go léir ag titim anuas ón scamall go talamh ar chlós na scoile!!




- Bhí Peadar an-bhuartha ar fad toisc go raibh sé ag iarraidh go bhfanaidís sa néal, áit nach mbeadh éinne eile in ann iad a fheiceáil toisc go raibh náire air fúthu!!
- Bhí teagascóir Pheadair, Bean Roche, ag siúl thart agus thug sí faoi deara go raibh Peter trína chéile!!





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

- D'inis Peadar di faoin néal imní a bhí dá leanúint chuile áit agus d'fhiafraigh sise de an raibh sé in ann cuid acu a insint di.
- Labhair siad le chéile faoi chuid de na hábhair imní a bhí ag Peadar faoin iar-bhunscoil.
- De réir mar a labhair Peadar léi faoi a hábhair imní a bhí aige, tháinig sé ar tuiscint nach raibh siad chomh mór sin is a shíl sé.
- Nuair a labhair fúthu, bhí cuma níos lú orthu.
- Thosaigh Peadar ag mothú i bhfad níos fearr anois gur labhair sé faoina chuid imní - d'airigh sé amhlaidh is gur lú an imní a bhí air cheana féin!





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

# SCÉAL PHEADAIR....

- Bhí Bean Roche an-deas agus cineálta.
- Dúirt sí le Peadar:
  "Tá sé ceart go leor Peadar, bhíonn imní orainn go léir; ormsa, ortsa, ar do chomhghleacaithe sa rang agat, ar do mhúinteoirí ... ar chuile dhuine!"
- Ansin, dúirt sí... "tá sé deacair tosú amach i scoil nua agus mothaíonn chuile dhuine neirbhíseach agus buartha faoin athrú mór atá i gceist, ach tá sé an-tábhachtach gan an imní atá ort a choimeád faoi rún, toisc go n-éiríonn siad níos mó de réir a chéile má dhéantar amhlaidh ...... is é an rud is fearr gur féidir leat déanamh ná é a phlé os ard le duine atá in ann cabhrú leat"
- Dúirt sí le Peadar:
  "An bhfuil a fhios agat, a Pheadair, tá go leor daoine ag obair sa scoil seo atá ann chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt duit, an bhfuil a fhios agat cé hiad?"
- Ní raibh a fhios ag Peadar cé faoina raibh sí ag caint. Ní raibh a fhios aige go raibh daoine ann a raibh sé in ann rudaí a phlé.





© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

- Bhí smaoineamh ag Ms Roche. Dúirt sí: "Inseoidh mé don rang faoi na tacaíochtaí go léir atá agaibh sa scoil inniu."
- Dúirt sí... "Táim chun mála mór a thabhairt isteach freisin, agus is féidir le gach duine a gcuid imní a chur isteach ann. Ag deireadh an ranga is féidir linn an mála a fholmhú agus na rudaí a bhfuil imní orainn a phlé agus réitigh a fháil chucu!"
- Shíl Peadar gur smaoineamh iontach a bhí ann!






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SCÉAL PHEADAIR....

- Bhí iontas an domhain ar Pheadar a fháil amach go raibh imní ar chuile dhuine ina rang - cuid díobh, imní mhór a bhí iontu agus cuid acu, bhí siad beag, ach ba é an rud ba mhó a chuir iontas air ná go raibh a lán daltaí sa rang a raibh an imní céanna acu is a bhí aige féin.
- B'údar faoisimh do Pheadar é a fháil amach go raibh daoine eile ag mothú díreach mar a bhí sé féin!
- Fuair sé amach go raibh imní ar a múinteoir, fiú - bhí imní uirthi go raibh sí chun rang nua de dhaltaí sa chéadbhliain a ghlacadh ar láimh agus bhí imní uirthi go mbeadh mearbhall uirthi faoi ainmneacha na ndaltaí uile sin!!
- Bhraith Peadar i bhfad níos fearr tar éis an ranga - bhí sé iontach maith dó a chuid imní a roinnt agus a phlé!!
- Ag siúl abhaile ón scoil dó an lá sin thug Peadar faoi deara rud éigin go tobann! Bhí an néal a bhíodh os cionn a chinn imithe agus ina áit bhí solas na gréine!! Bhraith Peadar an-sásta ar fad!






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# SAMPLAÍ DE HÁBHAIR IMNÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH AGAT

Cad é faoina bhfuil tú buartha?






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

Scríobh do chuid imní síos ar an nóta páipéir le do thoil!


Cuir d’ainm ar an bpíosa páipéir






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL



**Tá go leor daoine ann sa scoil ar féidir leo cúnamh a thabhairt duit!**

- An féidir leat smaoineamh ar dhuine díobhsan?
- An bhfuil a fhios agat cén post atá acu?



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Is é an Príomhoide an duine atá i gceannas ar an scoil.
- Is féidir cuairt a thabhairt ar an bpríomhoide nó ar aon dhuine eile má tá rud éigin ar leith déanta agat, chun dámhachtain a fháil nó má tá rud éigin mícheart.
- Tá an príomhoide ann chun tacú le gach aon bhall de chuid phobal na scoile; na múinteoirí, na tuismitheoirí, na daltaí agus le gach uile bhall foirne eile!


**Cé hé Príomhoide na scoile?**

**Cá bhfuil Oifig an Phríomhoide?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Tugann an leas-phríomhoide tacaíocht don phríomhoide.
- Déanann sé go leor rudaí tábhachtacha sa scoil chun cabhrú leat féin, le do thuismitheoirí agus leis na múinteoirí.

**Cé hé Leas-Phríomhoide?**

**Cá bhfuil oifig an Leas-Phríomhoide?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Is múinteoir é Do Cheann Bliana atá freagrach as na daltaí uile sa chéad bhliain.
- Tá an Ceann Bliana ag iarraidh go socróidh gach aon duine agaibh isteach sa scoil go maith.
- Tá siad ann chun cosc a chur ar an mbulaíocht i rith na bliana agus chun a chinntiú go mbraitheann sibh go léir sona sábháilte ar scoil.

**Cé hé do Cheann Bliana?**

**Conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do Cheann Bliana?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)




- Cuidíonn an Teagascóir Ranga leis an gCeann Bliana.
- Tugann siad aire do aon ghrúpa daltaí amháin.
- Feicfidh tú do theagascóir ranga uair amháin sa tseachtain, ar a laghad.
- Más rud é go raibh tú as láthair ón scoil nó má theastaíonn uait an scoil a fhágáil go luath, is féidir leat an nóta ina leith a thabhairt do do theagascóir ranga féin.
- Más rud é go bhfuil tú tinn i rith an lae scoile is féidir leat insint do do theagascóir ranga agus cúnamh a iarraidh uaidh.
- Sa chás go bhfuil aon rud ag cur isteach ort féin (nó ar aon duine eile), is féidir leat é a insint do do theagascóir freisin agus is beidh sé in ann cabhrú leat!

**Cé hé do Theagascóir Ranga?**

**Conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do Theagascóir Ranga?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Cuireann na múinteoirí an t-oideachas ort, agus déanann siad tú a spreagadh chun foghlaim!
- Ullmhaíonn siad ceachtanna agus ceartaíonn siad do chuid obair ranga agus obair bhaile.
- Ba mhaith le múinteoirí go mbeadh na daltaí go léir acu barr a gcumas a bhaint amach.
- Beidh do mhúinteoirí cineálta agus comhbhách.
- Sa chás nach dtuigeann tú rud éigin sa rang, cuir suas do lámh agus beidh do mhúinteoir sásta é a mhíniú duit!
- Má tá deacracht agat le d’obair bhaile ba chóir duit é sin a insint do do mhúinteoir roimh an rang.

**An féidir leat cuid de na múinteoirí ar bhuail tú leo go dtí seo a ainmniú?**

**Cad iad na rudaí ar thaitin leat foghlaim fúthu?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Tá an treoirchomhairleoir ann chun cabhrú leat!
- Cuideoidh do threoirchomhairleoir leat do spriocanna a thuiscint agus tú sa scoil agus cuideoidh sé leat cinneadh a dhéanamh chomh maith faoi cad ba mhaith leat a dhéanamh tar éis na scoile.
- Tá do threoirchomhairleoir ann chun cabhrú leat chun aghaidh a thabhairt ar aon fhadhb atá agat, is cuma más sa scoil nó lasmuigh den scoil atá an fhadhb sin.
- Oibríonn an treoirchomhairleoir go dlúth i gcomhar leis an bpríomhoide, an leas-phríomhoidí, na cinn bliana, na teagascóirí ranga, agus na múinteoirí ranga chun timpeallacht deas comhbhách a chur chun cinn sa scoil ar mhaithe le folláine na ndaltaí uile.

**Cé hé do Chomhairleoir Treorach?**

**An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Oifig an Chomhairleora Treorach?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Tá Séiplíneach na Scoile ann chun cabhrú leat, sa bhealach céanna ina bhfuil an Comhairleoir Treorach.
- Is ionadaí creidimh é Séiplíneach na Scoile i bpobal na scoile agus tá sé ar fáil duit féin, do do thuismitheoirí agus do na múinteoirí agus do bhaill foirne eile de chuid na scoile.

**Cé hé an Séiplíneach sa scoil agat?**

**An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Oifig an tSéiplínigh?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL






- Tá foireann mór múinteoirí sa scoil a thagann le chéile go rialta chun féachaint ar bhealaí nua chun cuidiú leis na daltaí sa scoil.
- Tá an Fhoireann Tréadchúraim ann go háirithe chun cabhrú leis na daltaí siúd a bhfuil deacrachtaí acu sa bhaile agus ar scoil araon.
- Is é an fáth go bhfuil siad ann ná chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí agus chun seirbhísí tacaíochta a chur i mbun chun cabhrú le haon daltaí ar bith a bhfuil deacrachtaí acu.
- Má tá fadhb agat ar scoil, tráth ar bith, is féidir leat í a chur in iúl d'aon duine de chuid na foirne nó de chuid na Foirne Tréadchúraim.

**Cé hé a shíleann tú a d'fhéadfadh a bheith ar an bhFoireann Cúraim Tréadaigh sa Scoil?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL






- Is daoine an-chineálta iad na Cúntóirí Riachtanas Speisialta sa scoil.
- Cabhraíonn siad le daltaí a bhfuil breis-tacaíocht de dhíth orthu ar scoil.
- Tá siad de chuidiú do na daltaí le bheith eagraithe agus cuidíonn siad leo a gceachtanna a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt d'fhadhbanna a bhíonn acu ag am lóin uaireanta, freisin.
- Cuidíonn siad leis na múinteoirí agus le roinnt daltaí eile sa seomra ranga, freisin.

**An féidir leat aon Chúntóir Riachtanas Speisialta i do scoil a ainmniú?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Is é an Comhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta an múinteoir atá freagrach as an dul chun cinn atá déanta ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu a mheas, a phleanáil agus a fhaire.

**An bhfuil a fhios agat cé hé an Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta?**

**An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Oifig an Chomhordaitheora Riachtanas Speisialta?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Oibríonn Rúnaí na Scoile san Oifig.
- Féadfar níos mó ná aon rúnaí amháin a bheith sa scoil.
- Cuidíonn an rúnaí le gach rud sa scoil ionas go n-oibríonn chuile rud go deas réidh.
- Freagraíonn siad an teileafón má chuireann do mháthair nó do dhaid glao ar an scoil, cuireann siad fáilte roimh dhaoine a thagann isteach sa scoil, cuireann siad tuairiscí abhaile leat agus socraíonn siad go leor jabanna eile atá le déanamh.
- Má theastaíonn uait glaoch abhaile tráth ar bith, is féidir leat cúnamh a iarraidh ó rúnaí na scoile.

**Ar chas tú le rúnaí na scoile?**

**Cad is ainm don rúnaí?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL






- Má tá aon rud sa scoil atá briste nó a bhfuil gá leis é a dheisiú, is é an feighlí a dhéanann é sin.
- Cuidíonn an feighlí le dea-chuma a choimeád ar an scoil, agus déanann sé an féar agus na fáil a ghearradh agus bláthanna a cur chun na críche sin.

**Cé hé Feighlí na Scoile?**

**Cén áit a mbeadh an Feighlí le haimsiú?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## NA DAOINE ATÁ SA SCOIL






- Nuair a bhreathnaíonn tú timpeall ar do scoil, feicfear duit go bhfuil sé go deas glan agus slachtmhar.
- Tá go leor oibre á ndéanamh ag glantóirí na scoile chun an scoil a réiteach duit.
- Déanann siad go leor post leithéidí an t-urlár agus na a scuabadh agus a ní agus na boird, na doirtil, na leithris, na seomraí agus an halla a ghlanadh, i measc cúraim eile.

**Cé hiad na glantóirí sa scoil?**

**An dúirt tú riamh go raibh maith agat leis nó léi as praiseach mór a bhí i do sheomra ranga a ghlanadh suas?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL



## AN MÚINTEOIR I GCEANNAS AR NA TAISCEADÁIN

- Tá do thaisceadán féin agaibh go léir an bhliain seo.
- Tá múinteoir amháin ann a bhfuil cúram ar leith air cuidiú leat taisceadán a fháil.
- Beidh an duine seo ar fáil duit má chailleann tú d'eochair nó má dhéanann tú dearmad air!

**An bhfuil ainm an mhúinteora a thug do thaisceadán duit ag tús na bliana ar eolas agat?**

**Cá bhfaighfeá an múinteoir sin sa chás go gcaillfeá d'eochair?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)




- Tá aon mhúinteoir amháin ann atá freagrach as an leabharlann.
- Is féidir leat iarr ar an múinteoir seo más mian leat roinnt leabhar a thógáil ar iasacht le léamh!


**An bhfuil a fhios agat cá bhfuil leabharlann do scoile suite?**

**Cé hé an múinteoir atá i gceannas ar an leabharlann?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Is éard is cinnire scoile ann ná dalta sinsearach de chuid na scoile atá ina eiseamláir do na daltaí eile sa scoil.
- Tá aon chinnire amháin sannta don rang agatsa.
- Tá an cinnire ann chun cabhrú leat le haon cheisteanna atá agat faoin scoil, mar shampla conas dul seomra ranga ar leith a aimsiú srl.

**Cé hé an cinnire atá ainmnithe le do rang féin?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Tá baicle de chuid dhaltaí na scoile ar a dtugtar Comhairle na nDaltaí.
- Tugann na daltaí sin ionadaíocht thar ceann dhaltaí na scoile.
- Féadfar dó páirt a ghlacadh in imeachtaí na scoile, ag obair dó i gcomhar le ceannairí na Bliana, leis an Leas-Phríomhoidí agus leis an bPríomhoide chun críche leas na scoile agus na ndaltaí.
- Bíonn beirt bhall de chuid gach aon bhliain ar Chomhairle na nDaltaí.
- Má tá saincheist ar mian leat a bheith curtha os comhair lucht bainistíochta na scoile, d'fhéadfá í a chur in iúl d'ionadaí na Comhairle Scoile i do bhliain féin.

**Cé ba cheart leat teagmháil a dhéanamh leis más mian leat a bheith i d'ionadaí ar chomhairle**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL






- Tá obair an-tábhachtach le déanamh ag na daoine atá ag obair i gceaintín na scoile.
- Ullmhaíonn siad an bia a bhíonn agat ag am lóin.
- Bíonn an bia á ullmhú acu nuair atá tú sa seomra ranga.

**Cé hé nó hí cócaire na scoile?**

**Cén cineál bia is fearr leat?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL




- Is é feighlí shiopa na scoile a dhéanann an siopa a riar.
- Más mian leat rud éigin a cheannach le haghaidh do lón nó más rud é go ndearna tú dearmad ar do pheann luaidhe nó ar do pheann, is féidir leat iad a cheannach i siopa na scoile.

**Cé hé nó hí feighlí an tsiopa i do scoil?**

**An ndeir tú "le do thoil" agus "go raibh maith agat" nuair atá rud éigin á cheannach agat ón siopa?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# PEOPLE AT SCHOOL




- Bíonn tiománaí bus nó tiománaí mionbhus i roinnt scoileanna, a chuidíonn leat dul ar scoil, dul abhaile agus dul ar thurais

**An bhfuil tiománaí bus nó tiománaí mionbhus sa scoil ina bhfuil tú féin?**

**Cé hé nó cé hí?**

**Cén áit ar chabhraigh siad leat dul ann?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)




- Tá ár gcomhscoláirí agus ár gcairde an-tábhachtach ar fad dúinn mar dhaoine ar féidir cabhair a fháil uathu!
- Tá sé tábhachtach go mbímid go maith mar chairde leis na daltaí eile sa rang freisin: bí cineálta, bí cabhrach, bí spreagúil!

**An féidir leat smaoineamh ar chomhsoláire / cara atá in ann tacú leat ar scoil?**



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

## NA DAOINE ATÁ SA SCOIL

**NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA** (CUID 1)




- Is éard is ‘Imeachtaí Seach-Churaclaim’ ann ná gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl nuair nach bhfuil tú sa rang.
- Cuimhnítear leis seo an spórt, grúpaí ceoil, an grúpa drámaíochta srl.
- Más mian leat a bheith páirteach in aon cheann de na gníomhaíochtaí seo is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na daoine seo a leanas:

**Cé leis is féidir leat caint chun fáil amach faoi ghníomhaíochtaí seach-churaclaim dála an spórt foirne, clubanna agus cumainn?**




© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# NA DAOINE ATÁ SA SCOIL

## NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ SA SCOIL AGAMSA (CUID 1)

### BAILL FOIRNE BHREISE






© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020

# ANOIS, BAIN TRIAIL AS TÚ FÉIN...



- Cad é do thuairim faoin iar-bhunscoil anois?
- An bhfuil tú in ann tacaíochtaí atá ar fáil duit sa scoil a shainaithint?
- An bhfuil tú in ann na baill 'lárnacha' de chuid phobal na scoile atá in ann cabhrú leat ar scoil a aithint?
- An bhfuil tú in ann cur síos a dhéanamh ar an tslí is féidir leis na tacaí go léir a bheith de chuidiú duit sa scoil?
- An bhfuil tú in ann duine a aithint gur féidir leat teagmháil a dhéanamh leis chun cabhair a fháil chun an imní atá ort a mhaolú?



© Cóipcheart An tIonad Náisiúnta um an Treoir san Oideachas 2020